

Droichead Átha Theas agus an Ceantar Máguairead Ráiteas Scríofa

1.0 Réamhrá

Sa ráiteas scríofa seo, tugtar cur síos beacht ar an straitéis maidir le forbairt Dhroichead Átha Theas agus an ceantar mórthimpeall air. Mar a leagtar síos i gcuaspóirí an Bheartais Réigiúnaigh 4.11 de chuid an RSES¹, beidh sé de dhualgas ar Chomhairle Contae na Mí agus Chomhairle Contae an Lú, ag obair i gcomhpháirt lena chéile, Plean Comhpháirteach Uirbeach a chur le chéile thar shaolré an Phlean seo.

Go dtí go mbeidh an Plean Comhphobail Uirbeach curtha i gcrích, Tá ráiteas scríofa agus léarscáil na gcuaspóirí maidir le saincheantar a cheapadh ar mhaithe le, *i measc nithe eile*, creatlach a chur le chéile chun cur leis an bhforbairt gheilleagraich agus an bunús maidir le feidhmiú leanúnach an phróisis bhainistíochta a sholáthar go dtí go mbeidh an Plean Comhphobail Uirbeach curtha i gcrích, curtha san áireamh leis seo.

2.0 Comhthéacs/Nádúr an Bhaile

Is é Droichead Átha an baile mór is mó in Éirinn, le daonra de bheagnach 41,000 ann i 2016. Tá an baile lonnaithe go straitéiseach ar an gConair Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath agus Bhéal Feirste. Tá an baile fíorthábhachtach mar lárionad daonra agus luaitear an fás geilleagraich ann in ainmniú lonnaíochta seo mar Lárionad um Fhás Réigiúnach sa Chreat Náisiúnta Pleanála.

Tá Limistéar Thuaidh an bhaile lonnaithe go straitéiseach laistigh de dhlínse Chomhairle Contae na Mí, ina bhfuil talamh ar fáil i gcomhar fhorbartha fostaíochta agus cónaithe araon.

D'fhonn straitéis chiallmhar a chur ar bun a n-uasmhéadóidh tábhacht Dhroichead Átha agus comhordú a chur chun cinn i measc na n-Údarás Áitiúla agus na bpáirtithe leasmhara, curfidh Comhairlí Contae na Mí agus an Lú, ag obair i gcomhpháirt leis an Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre, Plean Comhphobail Uirbeach do Dhroichead Átha le chéile. Déanfaidh an Plean seo forbairt an bhaile i gcomhar fáis gheilleagraigh ar fud fad na Conaire Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath agus Bhéal Feirste.

¹ Mar gheall ar chuspóirí Bheartas Réigiúnach 4.11 de chuid an RSES, leagtar síos an riachtanas atá ann Plean Comhpháirteach Uirbeach a chur le chéile, faoi mar a léirítear thíos:

'Cuirfidh Comhairlí Contae na Mí agus Contae an Lú, ag obair i gcomhpháirt lena chéile, Plean Comhpháirteach Uirbeach trastheorann reachtúil (UAP) maidir le Fás Réigiúnach Lár Dhroichead Átha a chur le chéile i gcomhpháirt leis an Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre. Déanfaidh an UAP cúnamh a thabhairt d'fhorbairt Dhroichead Átha mar Lárionad Réigiúnach atá insroicthe, tarraingteach, bríomhar agus a ghníomhóidh mar thiomantóir eacnamaíoch. Déanfaidh an Plean Comhpháirteach Uirbeach limistéar uirbeach feidhmeach agus teorainneacha don phlean a leagan síos chomh maith le limistéir i gcomhar tithíochta straitéiseach agus forbraíocht fostaíochta mar aon leis na riachtanais atá ann maidir le hinfheistíocht i mbonneagar ar mhaithe le comhordú níos fearr a chur chun cinn agus seachadadh seicheamhach thalamh seirbhísithe le haghaidh a fhorbraíochta amach anseo.'

Áit san Ordlathas Ionnaíochta	Ionad Fáis Réigiúnaigh
Daonra	Tháinig méadú ar dhaonra Dhroichead Átha ó 5,983 i 2011 go 6,527 duine i 2016, arb ionann é seo le méadú 12.9% - figiúr atá i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta.
Leithdháileadh Teaghlaigh faoin gCroístraitéis 2020-2026	Uimh. 1,631
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	Tá 572 aonad i nDroichead Átha agus sa cheantar máguaird nár tógadh fós.
Réamh-mheastachán Daonra 2026	9,827
Dlús molta forbairtí amach anseo	35-45 aonad in aghaidh an heicteáir
Oibrithe Cónaitheacha 2016	3,700
Líon Iomlán Post 2016	1,216
Cóimheas Poist: Fhórsa Saothair 2016	0.33
Áiseanna Oideachais	Seo iad scoileanna an bhaile, lena n-áirítear bunscoileanna agus iar-bhunscoil amháin: Bunscoileanna: Ag Foghlaim Le Chéile, Baile Uí Mhornáin Gaelscoil an Bhradáin Feasa, Bóthar an Mhuilinn, Baile Uí Mhornáin Iar-bhunscoil: Scoil Ghramadaí Dhroichead Átha, Bóthar Bhaile Uí Mhornáin
Limistéir Chaomhantais Ailtireachta	Ceann ar bith
Déanmhais Chosanta	Uimh. 3 Is iad na Struchtúir atá Faoi Chosaint ann ná: MH021-100 – Scoil Ghramadaí Dhroichead Átha MH021-123 – Tithe Amuigh Teach Steach Mín MH020-124 – ‘Eagle Lodge’; teach scoite trí stór
Seirbhísí -Seirbhísí & Acmhainn Uisce agus Fuíolluisce	Soláthraítear uisce do Dheisceart Dhroichead Átha ó Scéim Cóireála Uisce Oirthear na Mí. Is é cuimsiú ón mBóinn atá mar fhoinsé an uisce seo. Déantar é a chuimsiú ag An Ghráinseach Gharbh, áit ina gcaidéaláítear go hOibreacha Cóireála Fuíolluisce Steach Luíne é. Déantar é a leathdháileadh go Droichead Átha agus go dtí Oirthear Chontae na Mí i ndiaidh a chóireála. Sceitear fuíolluisce ón gceantar seo as Oibreacha Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha.
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Measúnú Straitéiseach ar Phriacal Tuile de dhíth. Tá Limistéir A & B ainmnithe mar limistéir laistigh de Dheisceart an cheantair ina bhfuil Baol Tuilte.
Láithreáin Natura 2000	Tá Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Bóinne agus na hAbha Duibhe in aice láimhe le teorainn thuaidh an cheantair a leagtar síos sa Phlean, áit a bhuaileann sé go dlúth leis an mBóinn.

3.0 Straitéis Forbartha

Díreoidh an Straitéis Forbartha don cheantar ar chruthú lonnaíochta inbhuanaithe le naisc níos fearr go dtí lár an bhaile ina bhfuil cothromaíocht idir fhás ó thaobh daonra de agus i dtaobh an fháis eacnamaíochta de.

Go dtí go dtiocfaidh an Plean Comhpháirteach Uirbeach chun deiridh, moltar nach ndéanfaí moltaí breise nó leasuithe don léarscáil maidir le saincheantar a ainmniú do dheisceart an cheantair. Tá an léarscáil reatha maidir le saincheantair a ainmniú agus an Plean Forbartha don lonnaíocht seo i bhfeidhm go dtí go mbeidh an Plean seo curtha i gcrích.

Tá Deisceart Dhroichead Átha ainmnithe mar Lárionad fostaíochta straitéiseach sa Phlean Forbartha Eacnamaíochta Chontae na Mí de bharr shuíomh straitéiseach an cheantair mar chuid den Chonaire Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus de bharr go bhfuil sé nasctha agus le hAerphort agus le Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ar na bóithre agus na hiarnróid. Braitheann an infheistíocht eacnamaíochta agus cruthú post bunaithe ar fhorbairt an bhaile mar Lárionad um Fhás Réigiúnach agus, mar sin, leanfar le forbairt eacnamaíochta an bhaile agus go háirithe le cruinniú na forbartha sin i bpáirc gnó an Údaráis Fhorbartha Tionscail agus na dtalamh atá ainmnithe d'fhostaíocht amach anseo ar Bhóthar Dhamhliag.

Tá méadú tagtha ar an ngníomhaíocht chónaithe sa cheantar agus tugadh cead d'fhorbraíocht chónaithe ar Bhóthar Ráth Maoláin agus ar Bhóthar Dhamhliag le déanaí. Ceadáíodh Forbairt Straitéiseach Tithíochta 250 aonad i mBaile Bhriain. Cuirfidh an Plean seo tacaíocht ar fáil do chruthú pobal inbhuanaithe i nDeisceart Dhroichead Átha, le forbairt thalaimh chónaithe ag brath ar sholáthar aon bhonneagar sóisialta agus fisiciúil a bheadh riachtanach.

4.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Baile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle:

STH DRO POL 1 Cur le forbairt leanúnach Dhroichead Átha mar Lárionad um Fhás Réigiúnach a fheidhmeoidh mar chroílár na hinfeistíochta eacnamaíochta agus fás daonra ar fud fad na Conaire Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste.

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

STH DRO OBJ 1 Plean agus Fís Comhpháirteach Uirbeach do Dhroichead Átha a chur le chéile i gcomhpháirt le Comhairle Contae an Lú laistigh de shaolré an Phlean seo de réir riachtanais chuspóirí Bheartas Réigiúnach 4.11 de chuid an RSES do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre agus de réir na moltaí a leagtar amach sa Tuarascáil ó Choiste um Theorainn Toghlimistéar Áitiúil a foilsíodh i Feabhra 2017.

STH DRO OBJ 2 Cur le forbairt inbhuanaithe na gceantar atá ainmnithe mar shaincheantair faoi láthair i nDeisceart Dhroichead Átha ag leagadh béim ar leith ar chur chun cinn Pháirc Gnó an Údaráis Fhorbartha Tionscal mar shuíomh ar leith i gcomhar infheistíochta eacnamaíochta agus i gcomhar pobail chónaithe chruinnithe i suíomhanna áirithe gar do cheantair chónaithe eile agus moil iompar a bhunú ann.